

## Baile Iúiliáin

### 1.0 Comhthéacs/Nádúr an tSráidbhaile

Tá Baile Iúiliáin suite in oirthear Chontae na Mí thart ar 6km ó dheas de Dhroichead Átha agus 3.2km ón gcósta ar an R132 (N1 roimhe seo). Tháinig forbairt ar an tsráidbhaile i dtús báire ag pointe trasnaithe ar Abhainn na hAiní agus tá forbairt níos scaipthe tagtha air ó shin. Tá forbairt chónaithe tarlaithe i dhá cheantar ó thuaidh agus ó dheas de chroílár bunaidh an tsráidbhaile. Téann méid mhór tráchta tríd an mbaile mar go mbítear ag iarraidh an dola ar an M1 a sheachaint. Ceann de chuspóirí an Phlean is ea seachbhóthar a thógáil don tsráidbhaile.

Tá Caisleán agus Diméin Ballygarth suite taobh thoir den R132 agus tá sé aitheanta mar cheantar mór taitneamhachta. Tá lár an bhaile ainmnithe mar Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta agus cuimsíonn sé tithe beaga eastáit i lár an tsráidbhaile. Is Ceantar Cosanta Speisialta (SPA) é Inbhear agus Cladach Abhainn na hAiní.

Tá earnáil phobail ghníomhach i mBaile Iúiliáin a áiríonn cumann agus ba é an tsráidbhaile píolótach é don chlár Ráiteas Deartha Sráidbhaile in 2009. Seoladh Ráiteas Deartha Sráidbhaile Bhaile Iúiliáin go foirmeálta i Mí Dheireadh Fómhair 2010. Comhaontaíodh Plean Gnímh mar chuid den RDS agus sonraíonn an plean tosaíochtaí tionscadal, bunaithe ar an tionchar tairbheach ar dócha a bheidh acu ar an tsráidbhaile.

Áit san Ordlathas lonnaithe	Sráidbhaile – Ionad áitiúil le seirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
	2011	2016	% Athrú
	616	681	Méadú 10.5% ar dhaonra
<b>Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise</b>	30 aonad		
<b>Aonaid a ghealltar nár tógadh fós</b>	20		
<b>Uimh. an tSoláthair Tithíochta.</b>	234		
<b>Áiseanna Oideachais</b>	Bunscoil na Croise Báine		
<b>Saoráidí Pobail</b>	Gastraphub an Lime Kiln, Séipéal agus ionad pobail Naomh Muire, Galf Dhá Mhaide Bhaile Iúiliáin, gairdín pobail, áis chúraim leanaí.		
<b>Limistéar Caomhantais Ailtireachta</b>	Síneann teorainn an LCA ón taobh ó dheas den droichead agus cuimsíonn sé an muileann a bhí ar an mbuach thuaidh, stráice gearr de bhóthar Dhamhliag ar an taobh thiar ar chúl an mhuilinn, agus na tithe ar an R132 taobh ó thuaidh den droichead chomh fada leis an bpríomhbhóthar a bhí ag dul go dtí An Inse tráth, ach gur acomhal T é anois atá dúnta. Cuimsíonn an ACA tithe, an seanmhuileann agus an droichead.		

<b>Déanmhais Chosanta</b>	MH028-202 Stáisiún Póilíní MH028-203 Óstán an tSeanhuilinn (Muileann Uí Mhóráin) MH028-204 Tavistock, Iar-íoclann/Iar-theach cúirte MH028-205 Teach sraithe 1 de sé cinn MH028-206 Teach sraithe 2 de sé cinn MH028-207 Teach sraithe 3 de sé cinn MH028-208 Teach muilinn MH028-209 Teach sraithe 4 de sé cinn MH028-210 Teach sraithe 5 de sé cinn MH028-211 Teach sraithe 6 de sé cinn MH028-212 Na droichid Uachtaracha agus Íochtaracha MH028-219 Caisleán Ballygarth MH028-220 Colmlann Chloiche MH028-214 Teach Bhaile Iúiliáin MH028-216 Teach Sexton MH028-217 Teachín a tógadh MH028-218 Tornóg Aoil
<b>Toilleadh Bonneagair</b>	Scéim Soláthair Uisce na Mí Thoir toilleadh teoranta. Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha, toilleadh ar fáil
<b>Measúnú Straitéiseach Baol Tuile</b>	Measúnú Baol Tuile na Mí Plean Forbartha Contae –2019-2025. Criosanna Tuile A&B aitheanta sa teorainn lonnaíochta
<b>Láithreáin Natura 2000</b>	Tá, Ceantar Cosanta Speisialta Inbhear agus Chladach Abhainn na hAiní (Cód Suímh: 004158)
<b>Crios Acmhainneachta Seandálaíochta</b>	Tá roinnt criosanna le Féidearthacht Seandálaíochta laistigh den tsráidbhaile.

## 2.0 Fís

An sráidbhaile a chomhdhlúthú agus a neartú, trí cheantair láir sráidbhaile atá sainithe go maith, agus tacú le réimse úsáidí talún chun tacaíocht a thabhairt don phobal cónaithe. Chun feabhas a chur freisin ar cháilíocht thimpeallacht tógtha agus nádúrtha an tSráidbhaile ach ag an am céanna freastal ar riachtanais an phobail áitiúil agus a chinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe, mar shráidbhaile tarraingteach le cónaí ann, le hoibriú ann, le hathchruthú agus le cuairt a thabhairt air.

## 3.0 Deiseanna

- Tá Baile Iúiliáin suite i láthair tarraingteach. Tá deis iontach ann chun feabhas a chur ar an timpeallacht coisithe agus lár sráidbhaile bríomhar a chomhdhlúthú.
- Chuirfeadh athfhorbairt ar shuímh fholmha i lár an tsráidbhaile feabhas ar dhreach an tsráidbhaile, chuirfeadh sé fuinneamh agus beocht le croílár an tsráidbhaile agus dhéanfadh sé lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú.
- Tugann an tírdhreachú feabhsaithe atá déanta in aice leis an scoil agus leis an nGastraphub an Lime Kiln deis chun cur le na bearta eile atá molta.
- Baineann an ceantar leathan taobh thoir le Teach agus Diméin Ballygarth agus tá sé criosaithe d'úsáid ardáise, mar sin féin níl aon rochtain ag an bpobal air faoi láthair.

- Is í an mhéid mhór tráchtá, cuid mhaith de seo ná HGVanna, is fearr a léiríonn an príomhbhóthar inrochtana tríd an tsráidbhaile. Chabhródh bearta maolaithe tráchtá, soilsiú poiblí agus cosáin choisithe leanúnacha go mór le feabhas a chur ar an timpeallacht choisithe.
- Chuirfeadh brandáil/léiriú sráidbhaile ar phríomhbhealaí dromlaigh agus ar bhealaí isteach sa tsráidbhaile leis an mórtas atá as an áit agus chruthódh sé atmaisféar sráidbhaile agus aitheantas ar leith.

## 4.0 Straitéis Talamhúsáide

Is iad na príomhúsáidí talún i mBaile Iúiliáin ná forbairt chónaithe a ndéanann raon teoranta áiseanna áitiúla agus pobail freastal uirthi. Is foirm eastáit chónaithe le dlús íseal is mó atá sa bhforbairt chónaithe agus tá tithe tógtha i gceapacha singil le gairdíní ar chúl agus ar aghaidh na dtithe. Tá sé mar thoradh ar seo go bhfuil an tsráidbhaile ag leathadh amach óna chroílár.

Níor cuireadh an fhostaíocht ná na háiseanna miondíola ná pobail ar fáil a raibh gá leo chun freastal ar phobal a bhí ag dul i méid i dteannta na forbartha cónaithe nua. Tá tailte aitheanta laistigh de chroílár an tsráidbhaile don chuspóir criosaithe talamhúsáide "Lár Sráidbhaile" B1 agus féachfaidh sé le déileáil leis an easpa soláthair ar sheirbhísí agus ar fhostaíocht laistigh den tsráidbhaile.

### 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá ceadúnas pleanála ann do 21 aonad Uimh. ar an suíomh taobh thoir de lár an tsráidbhaile (ó Mhí na Nollag 2017) atá ar marthain fós. Tá deiseanna inlíonta agus athfhorbartha ar shuímh ar nós Óstán an tSeanhuilinn áit a bhfuil forbairt úsáid mheasctha a mbeadh gné chónaithe mar chuid de á spreagadh

### 4.2 Geilleagar agus Fostaíocht (miondíol san áireamh)

Déantar sainmhíniú ar Bhaile Iúiliáin mar ionad miondíola Leibhéal 5 san OrdLathas Miondíola Contae. Is léir i dtaca leis an leibhéal forbartha cónaithe atá cheana i mBaile Iúiliáin, go bhfuil easpa úsáidí tráchtála agus miondíola laistigh den tsráidbhaile le freastal ar an bpobal atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Níl d'áiseanna tráchtála sa sráidbhaile ach a bhfuil sa Ghastraphub, an Lime Kiln. Déanann siopaí áise atá suite ar an R132 mar chuid de stáisiúin pheitрил freastal ar an tsráidbhaile.

Meastar go bhfuil dóthain tailte aitheanta do chuspóir criosaithe talamhúsáide "Lár Sráidbhaile" B1 laistigh de chroílár an tsráidbhaile agus in aice leis chun freastal ar na riachtanais atá ag an bpobal faoi láthair agus a bheidh acu amach anseo. Tá forbairt na bpríomhsuíomh sin sár-riachtanach freisin chun feabhas a chur ar thaitneamhacht radhairc chroílár an tsráidbhaile.

### 4.3 Bonneagar

Déanann Scéim Soláthair Uisce na Mí Thoir chomh maith le hIonad Cóireála Uisce Staleen freastal ar Bhaile Iúiliáin ach tá an toilleadh teoranta mar sin féin. Maidir le cóireáil uisce, déanann Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha freastal ar an tsráidbhaile agus tá toilleadh ar fáil.

### 4.4 Gluaiseacht

Tá Baile Iúiliáin suite ag crosbhóthair an R150 agus an R132 (an N1 roimhe sin nó gur oscail an Mótárbhealach an M1 in 2003) agus is bealaí iad a mbíonn trácht trom comaitéara orthu. Is féidir teacht ar an M1 trí Acomhal 7 ó dheas de Bhaile Iúiliáin. Is saincheist leanúnach é an méid tráchtá agus an siúl laistigh de Bhaile Iúiliáin go háirithe an líon HGVanna a bhíonn ag taisteal tríd an

tsráidbhaile de bharr a láthair straitéiseach laistigh den Chontae. Is cuspóir de chuid na Comhairle seachbhóthar a thógáil don tsráidbhaile chomh maith le maolú tráchta agus bearta sábháilteachta eile do choisithe sa sráidbhaile.

Déanann seirbhís bhus 101 de chuid Bhus Éireann freastal ar Bhaile Iúiliáin faoi láthair. Ritheann an tseirbhís seo ó Shráid Thalbóid i lár chathair Bhaile Átha Cliath go dtí an Stáisiún Bus i nDroichead Átha, trí Shord, Baile Brigín agus Baile Iúiliáin. Déanann an tseirbhís 100 agus 100X a bhfuil rochtain ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ó Dhroichead Átha ináirithe freastal ar Bhaile Iúiliáin freisin. Tá Cóiste de chuid Mathew, an 910 ag freastal ar an gceantar chomh maith.

## 4.5 An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta

Tá Baile Iúiliáin i ngleann Abhainn na hÁiní agus ritheann an cúrsa uisce isteach i Muir Éireann ag An Inse. Tagann cuid mhaith de nádúr an tsráidbhaile ón topagrafaíocht suntasach seo, agus bíonn na páirceanna in aice láimhe agus tuilemhá na habhann le feiceáil go soiléir de réir mar a bhíonn an bóthar ag dul le fána ar an dá thaobh le bualadh leis an droichead. Tá nádúr an tsráidbhaile ceangailte go bunúsach dá réir sin lena láthair tírdhreacha, leis an mórtas ceantair agus an oidhreacht chultúrtha.

Cuireann Plean Gníomhaíochta Bitheagsúlachta Phobal Bhaile Iúiliáin 2016-2020 béim ar an luach éiceolaíochta atá leis an gceantar agus ar an mbithéagsúlacht ard áitiúil. Tá an plean seo ag féachaint lena chinntiú go mbunófar ciumhais ghlas mórthimpeall cheantar tógtha Bhaile Iúiliáin agus go gcuirfidh tograí tírdhreacha feabhas ar thionchar radhairc na forbartha nua chun struchtúr tírdhreacha an tsráidbhaile a dheisiú agus a fheabhsú. Beidh cuspóirí i measc na dtograí sin do chóireáil teorainneacha atá ann agus a bheidh ann. Tá an Plean seo ag féachaint leis an oidhreacht thógtha agus nádúrtha atá sa tsráidbhaile a fheabhsú agus a chosaint agus féachfaidh sé lena chinntiú go gcomhlíonfar Treoirínte uile an Rialtais nuair atáthar ag meas aon chineál forbartha.

Tá roinnt crann lánfhásta agus tarraingteach i mBaile Iúiliáin a shainíonn láthair tírdhreacha an tsráidbhaile agus tuilemhá na habhann go háirithe. Beidh na crainn sin cosanta laistigh de mhapa chuspóirí criosaithe talamhúsáide an Phlean seo.

## 4.6 Bonneagar Glas

Níl aon Cheantar Speisialta Caomhnaithe (SAC) laistigh den tsráidbhaile. Tosaíonn SPA Abhainn na hÁiní ag cósta na hInse agus leanann se isteach go ceantair bhogaigh an tuilemhá ar an taobh thoir thuaidh de theorainn forbartha an tsráidbhaile. Tá tuilemhá na habhann seo molta freisin mar Cheantar Oidhreachta Nádúrtha rud atá léirithe sa chuspóir criosaithe don cheantar. Tá go leor speiceas éan ar nós an Cruidín agus an Ghlasóg Liath le fáil ar bhruacha fásmhara na habhann agus tá an Lannach agus an Breac le fáil ina cuid uisce.

## 4.7 Bonneagar Sóisialta

Ar na háiseanna pobail atá le fáil i mBaile Iúiliáin faoi láthair tá na Séipéil, Bunscoil na Croise Báine, ionad pobail, áis Ghailf/ Ghailf dhá Mhaide Bhaile Iúiliáin, gairdín pobail, ionad cúraim leanaí.

Séipéal Naomh Muire atá mar ainm ar an dá shéipéal atá i mBaile Iúiliáin. Tá Séipéal Caitliceach Naomh Muire suite soir ó dheas den bhaile agus Séipéal Naomh Muire Eaglais na hÉireann agus na seomraí paróiste a bhaineann leis suite ar an R150- Bóthar na hInse.

## 4.8 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Tá nádúr áitiúil agus sainiúlacht ar leith ag croílár stairiúil Bhaile Iúiliáin arbh fhiú é a chaomhnú agus a fheabhsú. Dá ndéanfaí athfhorbairt ar shuíomh Óstáin an tSeanmhuilinn ag an acomhal le Bóthar Dhamhliag agus Dhroichead Átha bheadh an fhéidearthacht aige cur go mór le taitneamhacht agus beocht radhairc chroílár an tsráidbhaile. Tá cuid mhór de lár an tsráidbhaile suite laistigh den Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta (CCA), agus tugann sé sin aitheantas den bhrí speisialta atá ag an oidhreacht tógtha atá mar thréith do Bhaile Iúiliáin. Ní mór aire a thabhairt maidir le haon togra sa réimse sin amach anseo.

## 5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha an tSráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

### Beartas

Is é beartas na Comhairle:

**BIÚ BEA 1** Lár tráchtála agus cónaithe shráidbhaile Bhaile Iúiliáin a chomhdhlúthú agus a neartú, agus forbairt an tsráidbhaile amach anseo a chur chun cinn mar lonnaíocht dhlúth le timpeallacht atá báúil do choisithe. Forbairt a spreagadh a chuirfidh le nádúr agus struchtúr chroílár an tsráidbhaile agus cáilíocht tarraingteach thimpeallacht tógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a chothabháil agus a chosaint, agus ag an am céanna freastal ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil agus a chinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe, mar shráidbhaile tarraingteach le cónaí ann, le hoibriú ann, le hathchruthú agus le cuairt a thabhairt air.

### Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle:

#### Lonnaíocht agus Tithíocht

**BIÚ CUS 1** Feidhmiúchán Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, chomh fada agus is féidir é, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Bhaile Iúiliáin mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.

**BIÚ CUS 2** Tacú le forbairt chónaithe ar thalamh nach bhfuil dóthain úsáide á bhaint as agus/nó tailte folmha ar a n-áirítear suímh 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta' agus í a spreagadh, faoi réir ardchaighdeán deartha agus leagain amach a bheith curtha i gcrích.

**BIÚ CUS 3** Athfhorbairt thailte folmha, nó nach bhfuil dóthain úsáide á bhaint astu, ar a n-áirítear suíomh an tSeanmhuilinn d'fhorbairt mheasctha, forbairt chónaithe san áireamh.

### Eacnamaíocht agus Fostaíocht

BIÚ CUS 4 Forbairt a spreagadh ar fhorbairt Turasóireachta/Fóillíochta Comhtháite ag Caisleán Ballygarth i gcomhthéacs an tréith agus an láthair speisialta atá ag Caisleán Ballygarth, ag na foirgnimh agus an fearann a bhaineann leis lena chaomhnú agus a chosaint. Beidh siúlbealach áise etc. a leagan amach chun soláthar a dhéanamh ar rochtain phoiblí ar na tailte chun iad a cheangal leis an tsráidbhaile mar chuid d'aon athfhorbairt.

### An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta

BIÚ CUS 5 Na radhairc, na crainn, na coillearnaí agus na fála scean ar fad atá aitheanta sa Phlean seo a chosaint.

BIÚ CUS 6 Éileamh go mbeidh gach togra forbartha laistigh den Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta nó teorantach leis báuil le nádúr an cheantair, go mbeidh an dearadh oiriúnach ó thaobh airde, scála, dlús ceapaí, leagain amach, ábhair agus bailchríche agus go mbeidh sé suite agus deartha go hábhartha ag teacht leis an gcomhairle a tugtar i Ráiteas Nádúir Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta Bhaile Lúiliáin.

BIÚ CUS 7 Tacú leis an bpobal agus le na príomhpháirtithe leasmhara go léir chun Plean Bithéagsúlachta Bhaile Lúiliáin 2016-2022 a chur i bhfeidhm.

### Bonneagar Glas

BIÚ CUS 8 Éascaíocht a dhéanamh ar shiúlóid le hais na habhann ó lár an tsráidbhaile go dtí fearann Chaisleán Ballygarth, agus cosán coisithe a chur ar fáil go dtí an t-ionad pobail, i gcomhar le na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad agus faoi réir measúnuithe timpeallachta ábhartha uile.

### Seachbhóthar gluaiseachta

BIÚ CUS 9 Féachaint le bainistíocht tráchta agus maolú tráchta a thabhairt isteach ar fud Bhaile Lúiliáin chun timpeallacht níos fearr agus níos sábháilte a chur ar fáil don tsráidbhaile.

BIÚ CUS 10 Áiseanna trasriain coisithe ar nós cóireáil acomhail ardaithe a chur ar fáil/a uasghrádú i bpríomhláithreacha.

BIÚ CUS 11 Feabhas a chur ar cheangail feadh an R150 idir Baile Lúiliáin agus An Inse ar a n-áirítear feabhas a chur ar cheangal rothaithe agus coisithe agus áiseanna idir an dá ionad.

BIÚ CUS 12 An fhéidearthacht a scrúdú agus dearadh agus seachadadh an chéad rogha do Sheachbhóthar Bhaile Lúiliáin a bhrú chun cinn i gcomhar le na páirtithe leasmhara ábhartha.

### Bonneagar

BIÚ CUS 13 Dul i gcomhairle le hUisce Éireann agus tacú leo chun dóthain seirbhísí uisce a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais fhorbartha an tSráidbhaile laistigh de thréimhse an Phlean.

BIÚ CUS 14 Baol tuile agus forbairt a bhainistiú ag teacht leis an Measúnacht Straitéiseach ar Bhaol Tuile. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúí agus Measúnacht Straitéiseach ar Bhaol Tuile).

### Dearadh Uirbeach & Réimse Poiblí

BIÚ CUS 15 Brandáil/léiriú sráidbhaile ar bhealaí isteach agus ar feadh na príomhshráide a thabhairt isteach i gcruth chomharthaíochta, ealaín phoiblí agus caighdeán soilsihte ar chuma sráidbhaile a chuirfeadh leis an mórtas atá i mBaile Lúiliáin agus a cheanglóidh gach páirt den tsráidbhaile chomh maith.

BIÚ CUS 16 Féachaint le sciathadh tírdhreacha a chur ar fáil ag na geataí ó thuaidh agus ó dheas agus timpeall an charrchlóis in aice le teach tábhairne Limekiln.

BIÚ CUS 17 Féachaint le cosáin choisithe uasghrádaithe a chur ar fáil laistigh den teorainn forbartha.

BIÚ CUS 18 Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil agus le na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun Ráiteas Deartha Sráidbhaile Bhaile Lúiliáin a chur i bhfeidhm.

BIÚ CUS 19 Nádúr sainiúil fhoirgnimh, struchtúir agus thírdhreach Bhaile Lúiliáin a chosaint agus a fheabhsú.

BIÚ CUS 20 A chinntiú go dtugann gach forbairt nua aird ar scála, cruth agus nádúr an tsráidbhaile.